# TUAIRISC AIRGEADAIS
# DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

**TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA AIRGEADAIS**

## 1 RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2011 de réir na formáide comhchuibhithe seo a aontaíodh go stairiúil, a d'fhorbair na hollscoileanna, an tÚdarás um Ard-Oideachas, agus an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhar lena chéile.

Tá sraith ráitis airgeadais chomhdhlúite, bunaithe ar phrionsabail chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta (GAAP), á hullmhú freisin don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2011, a chuimsíonn gníomhaíochtaí fhochuideachtaí na hOllscoile, mar aon leis an bpríomhioncam agus an príomhchaiteachas atá leagtha amach sna ráitis airgeadais seo.

## 2 IONCAM ATARLAITHE

Laghdaigh ioncam go €112.29 milliún ó €119.39 milliún, arb ionann é agus laghdú 5.9% ar an mbliain roimhe sin.

Laghdaigh deontais Stáit ó €48.66 milliún go €37.97 milliún, laghdú beagnach 22%. Ag an am céanna, mhéadaigh ioncam ó tháillí na mac léinn ó €63.69 milliún go €65.69, a léiríonn cinneadh an Stáit laghdú suntasach a dhéanamh ar an deontas Stáit don earnáil tríú leibhéal.

Mhéadaigh ioncam ó fhoinsí eile ó €7.04 milliún go €8.63 milliún, fás 22.6%, de bharr méaduithe ar ioncam ó tháillí na mac léinn neamh-AE agus ó ioncam úis go príomha.

## 3 CAITEACHAS AR SHEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS AR SHEIRBHÍSÍ GAOLMHARA

Laghdaigh caiteachas ar Sheirbhísí Acadúla agus ar Sheirbhísí Gaolmhara ó €115.77 milliún go €112.07 milliún, laghdú 3.2%. Is ionann pá agus 70% den chaiteachas sin (2010: 68%). Caitear 77% den chaiteachas iomlán pá gan pinsin san áireamh ar Choláistí agus ar Ranna anois (2010: 76%).

## 4 TAIGHDE CONARTHA AGUS TIONSCADAIL FÉINMHAOINITHE EILE

Laghdaigh ioncam ó Thaighde Conartha 12.3% ó €25.47 milliún go €22.35 milliún le linn na bliana atá faoi athbhreithniú. I ndiaidh cúpla bliain d'fhás, is í seo an dara bliain as a chéile inar thit sé go suntasach. Cúis imní an t-athrú treochta seo agus léiríonn sé an deacracht a bhaineann le tionscadail taighde a mhealladh sna cúinsí reatha geilleagracha.

Laghdaigh caiteachas ar thionscadail fhéinmhaoinithe 5.3% ó €17.06 milliún go €16.15 milliún, a léiríonn arís an drochthionchar atá ag an staid reatha gheilleagrach ar fhócas leantach na hOllscoile ioncam neamh-Stáit a mhéadú.

## 5 CLÁR CAIPITIL

B'ionann caiteachas caipitil na hOllscoile agus €12.8 milliún le linn na bliana. Bhain €1.8 milliún le trealamh, agus bhain an chuid eile le talamh agus le foirgnimh. Laghdú €16.3 milliún é seo ar an gcaiteachas caipitil iomlán sa bhliain roimhe sin agus is léiriú eile é ar an laghdú atá tagtha ar thacaíocht an Stáit do mhaoiniú caipitil ardoideachais.

Caitheadh €3.9m ar Fhoirgneamh Tierney a osclaíodh le linn na bliana; is ann atá Ionad Taighde Innealtóireachta Bogearraí na hÉireann (LERO) agus Lárionad Cothaithe Nexus.

Caitheadh €1.7m ar Fhoirgneamh na Scoile Leighis Iarchéime agus ar Chóiríocht na Scoile Leighis a osclófar i mí Mheán Fómhair 2012.

Tá clár forbartha fisiciúla na hOllscoile á fhorfheidhmiú go rathúil de bharr na gcistí thar a bheith suntasach atá á gcur ar fáil don Ollscoil ó fhoinsí príobháideacha i gcomhar le maoiniú Stáit.

Chinn an rialtas an maoiniú don síneadh le Leabharlann Glucksman a chur siar faraor, agus tá an tionscadal ar atráth dá bharr.

## 6 CONCLÚID

Léiríonn toradh airgeadais don bhliain atá faoi athbhreithniú barrachas €223k agus laghdú san easnamh carnach go €1.82m. Rinneadh ciorruithe suntasacha i réimsí pá agus neamhphá, agus tugadh faoi chur chuige réamhghníomhach chun ioncam neamh-Stáit a ghiniúint agus a choinneáil.

Tá an timpeallacht airgeadais ina bhfeidhmíonn an Ollscoil fós ag cruthú dúshláin shuntasacha maidir le táirgeacht chomhardaithe a bhaint amach, toisc go bhfuil tionchar ag go leor de na ciorruithe a rinneadh le dhá bhliain anuas ar chaighdeán thaithí na mac léinn san Ollscoil. Tá an Ollscoil tiomanta do tháirgeacht chomhardaithe a bhaint amach don bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2012 agus leanfaidh sí ar aghaidh ag déanamh a seacht ndícheall deireadh a chur leis an easnamh carnach atá fanta.

**John Field**
**An Stiúrthóir Airgeadais**
**23 Márta 2012**

**Ráiteas faoi Fhreagrachtaí**

Tá iallach ar an Ollscoil faoin gcomhaontú ar ghlac Ollscoileanna uile na hÉireann um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais leis na ceartchuntais gnáthacha ar fháltas agus ar chaiteachas airgid, ar chibé bealach ina n-éilíonn an Comhaontú.

Agus na cuntais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Ollscoil;

- Polasaithe oiriúnacha atá ag teacht leis an gcomhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais a roghnú agus a fheidhmiú go rianúil;
- Cinnte agus meastacháin atá réasúnta agus ciallmhar a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn leantach mura bhfuil an bonn sin míchuí;

Tá an Ollscoil freagrach as leabhair chearta cuntais a choimeád a léireoidh am ar bith stáid airgeadais na hOllscoile agus a aclaíonn é le deimhin a dhéanamh de go n-ullmhaítear a chuid ráiteas airgeadais ag teacht leis an gcomhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais. Tá an Ollscoil freagrach chomh maith as cosaint na sóchmhainní uile faoina rialú agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus ainrialtacht eile a chosc nó a bhaint amach.

Ullmhófar tacar ar leith ráiteas airgeadais le géilleadh do agus le teacht leis na gnáthphrionsabail cuntasóireachta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus sa R.A ar a shon gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo don Údarás um Ard-Oideachas ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais.

D'ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag teacht le téarmaí an ráitis freagrachta thuas agus dhein PricewaterhouseCoopers, iniúchóirí bainistíochta na hOllscoile iniúchadh orthu.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste is iniúchóir reachtúil don Ollscoil.

Thar ceann na hOllscoile

| | |
|---|---|
| Uachtarán | An Stiúrthóir Airgeadais |

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

**1. Ráitis Airgeadais**

Léiríonn na ráitis airgeadais gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus gníomhaíochtaí seirbhíse gaolmhara na hOllscoile.

**2. An Coinbhinsiún Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mionathrú chun athluacháil talún agus foirgneamh a chur san áireamh. Cuirtear i láthair iad de réir Armónú reatha Chomhaontú Cuntas Airgeadais a ghlacann Ollscoileanna na hÉireann ar fad. Ullmhófar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2011 agus do bhlianta ina dhiaidh sin i bhformáid nua ar bhunús comhdhlúite agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

**3. Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe**

Aithnítear Deontais Atarlaithe ar bhonn fabhraithe.
Áirítear Deontais Atarlaithe sa Chúlchiste Ginearálta, a úsáideadh chun sócmhainní dochta a cheannach agus chun cuid chaipitil de na muirir léasa a mhaoiniú.

**4. Deontais do Chaiteachas Caipitil**

Áirítear Deontais Stáit agus Eile do chaiteachas caipitil sna ráitis airgeadais den tréimhse ag brath ar an méid airgid tirim a fuarthas.

**5. Ioncam ó Tháillí**

Déantar ioncam ó tháillí a chuntasú ar bhonn fabhraithe agus tuairiscítear ag leibhéil táillí an AE. Áirítear ioncam ó tháillí Neamh-AE suas go dtí leibhéal an AE agus tuairiscítear aon ní breise (suas go dtí an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí) faoi Ioncam Eile. Áirítear aon ní breise eile os cionn an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí sna Cúlchuistí Srianta.

**6. Ioncam Eile**

Áirítear in Ioncam Eile muirear a thabhaítear ar thionscadail caipitil ar leith i ndáil leis an ioncam ó ús a fuair an Ollscoil cheana féin trí na tionscadail sin a mhaoiniú óna cistí féin. Toibhítear an muirear bunaithe ar an meán ráta úis a shaothraíonn an Ollscoil ar na taiscí agus bíonn sé mar chuid de chostas foriomlán an tionscadail chuí.

**7. Leithroinntí Ceadaithe**

Ullmhaítear an cuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn fabhraithe leis na heisceachtaí seo a leanas:

i) Caiteachas neamhphá ranna acadúla agus ranna seirbhísí ar leith.
ii) Trealamh Ranna agus Mion-oibreacha.

Sna cásanna sin tugtar iarmhéideanna inmheánacha chun cinn sa Chlár Chomhardaithe faoi Shócmhainní Reatha nó Dliteanais, mar is cuí.

**8. Sócmhainní Dochta agus Dímheas**

Luacháladh talamh ar an úsáid reatha a baineadh as amhail an 1 Deireadh Fómhair 1998 ag luach €126,974 in aghaidh an acra. Luaitear na breiseanna ar fad eile ina dhiaidh ag costas.

Luacháiltear Foirgnimh, a fuarthas agus a tógadh roimh 1 Deireadh Fómhair 1998, ar bhunús úsáid reatha ag costas caighdeánach de €2,413 in aghaidh gach slat cearnach. Luacháiltear foirgnimh, a raibh cuid acu tógtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 1998 ag an gcostas iarbhír. Luaitear na breiseanna ar fad eile ina dhiaidh ag costas. Dímheastar gach foirgneamh mar atá luaite thíos.

Nuair a bhaineann le hábhar, ní dhéantar caipitlú mar chuid de na sócmhainní sin na costais airgeadais a bhaineann go díreach le tógáil talún agus foirgneamh. Más léir ó imeachtaí nó ó athruithe ar chúinsí nach mbeadh suim iompair sócmhainn seasta in-aisghábhála déantar athbhreithniú ar lagú na sócmhainne sin.

Léirítear Trealamh, Daingneáin agus Fearais ag costas lúide carnú dímheasa. Déantar díscríobh go dtí an cuntas ioncam agus caiteachais sa bhliain ina bhfaightear iad ar mhíreanna trealaimh a chosnaíonn níos lú ná €25,000 an ceann.

Tá saol úsáideach measta sócmhainní dochta le tagairt don dímheas a ríomhtar faoin modh dronlíneach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 50 bliain |
| Trealamh agus Troscán | Suas le 10 mbliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| Sócmhainní ar Léas | 5 bliain nó tréimhse an léasa má bhíonn sin níos lú |

Áirítear leis na méideanna athluacháilte foirgnimh ar leith, a mhaoinigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an chéad uair.

**9. Caiteachas Caipitil a fhaightear ón bPríomhbhuiséad Teagaisc**

Muirearítear Caiteachas Caipitil, a mhaoinítear ón bPríomhbhuiséad Teagaisc, in aghaidh ioncaim sa bhliain a tabhaíodh an caiteachas. Cuirtear an caiteachas chun sochair an Chúlchiste Ghinearálta freisin, a léirítear mar chuid de Shócmhainní Dochta agus dímheastar é de réir an Bheartais Chuntasaíochta atá léirithe thuas.

**10. Sócmhainní ar Léas**

Áirítear costas Sócmhainní Dochta a fuarthas faoi léasanna airgeadais i Sócmhainní Dochta agus díscríobhtar thar saol úsáideach na sócmhainní ag na rátaí atá leagtha amach sa bheartas thuas, nó thar thréimhse an léasa, cibé is lú.

**11. Cúlchiste Ginearálta**

Seasann an Cúlchiste Ginearálta do luach maoinithe, tar éis amúchta, a fheidhmítear do chríocha caipitil in éineacht leis an gcúlchiste a ghintear ar athluacháil foirgnimh agus an iarmhéid ar ghníomhaíochtaí seirbhísí coimhdeacha.

**12. Deontais agus Tionscadail Taighde**

Léirítear caiteachas taighde conartha glan ó ranníoc do chostais indíreacha. Áirítear ioncam ó dheontais taighde conartha sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais go dtí an méid a thabhaítear an caiteachas gaolmhar. Áirítear ranníoc taighde conartha do chostais indíreacha na hOllscoile agus áirítear iad in Ioncam Eile.

**13. Pinsin**

Bronnann Ollscoil Luimnigh Scéim Aoisliúntais sochair aoisliúntais a cheadaítear. Bíonn na scéimeanna, a sholáthraíonn sochair shainmhínithe, neamhmhaoinithe agus faightear sochair ó ioncam reatha de réir mar a thagann siad aníos. Dá réir sin, ní sholáthraíonn na ráitis airgeadais do dhliteanais na hOllscoile i ndáil le ranníoca a dhéanann comhaltaí na scéime nó do dhliteanas aoisliúntais achtúireach do chomhaltaí na scéime. Níor glacadh le ceanglais nochtaithe an chaighdeáin chuntasaíochta FRS17 'Sochair Scoir', a eisíodh le déanaí, sna ráitis airgeadais sin a chuirtear i láthair de réir na formáide 'Armónú Cuntas' arna nglacadh ag gach Ollscoil Éireannach. Baineann ciallachais ag FRS 17 don Earnáil Phoiblí go ginearálta, ciallachais atáthar ag déanamh machnamh orthu faoi láthair.

**14. Airgeadra Coigríche**

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú ag na rátaí malartaithe ar na dátaí sin a tharla na hidirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche go Euro ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm amhail an dáta ar an gClár Comhardaithe. Déileáiltear leis na brábúis nó caillteanais a bhíonn mar thoradh orthu ain laistigh den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**15. Cánachas**

Níl aon fhoráil déanta do chánachas mar go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an Ollscoil.

**16. Seirbhísí Coimhdeacha**

Is éard is Seirbhísí Coimhdeacha ann ná seirbhísí a sholáthraítear ar an gcampus, ar bhonn aisghabháil costais agus a bhíonn leagtha amach le cothromú amach sa mheánthéarma. Aistrítear an glan aschur ar ghníomhaíochtaí mar sin chuig an gCúlchiste Ginearálta.

**17. Cúlchistí Srianta**

Áirítear le Cúlchistí Srianta an chuid neamhúsáidte de chistí a chuirtear ar fáil don Ollscoil do chríocha sainmhínithe.

**18. Coláiste Mhuire Gan Smál**

De réir an meabhrán tuisceana idir an Ollscoil agus Coláiste Mhuire Gan Smál, a leagann amach téarmaí an naisc idir an dá institiúid, aistrítear cistí a fhaigheann an Ollscoil thar ceann Coláiste Mhuire Gan Smál láithreach tar éis iad a fháil.

**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS REATHA DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| **IONCAM** | **NÓTAÍ** | **2011 €'000** | **2010 €'000** |
|---|---|---|---|
| Deontais Stáit | 1 | 37,965 | 48,658 |
| Táillí Mac Léinn | 2 | 65,691 | 63,692 |
| Ioncam Eile | 3 | 8,634 | 7,041 |
| | | 112,290 | 119,391 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 4 | 38,499 | 42,533 |
| | | 150,789 | 161,924 |
| Coláiste Mhuire Gan Smál | | | |
| Deontais Stáit | | 11,561 | 21,079 |
| Táillí Mac Léinn | | 9,603 | 9,693 |
| Lúide an méid a aistríodh chuig Coláiste | | (21,164) | (30,772) |
| **Iomlán** | | **150,789** | **161,924** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Coláistí agus Ranna | 5 | 62,889 | 65,686 |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 6 | 9,402 | 10,164 |
| Áitreabh | 7 | 12,497 | 12,755 |
| An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil | 8 | 1,100 | 1,591 |
| Lár-Riarachán agus Seirbhísí | 9 | 11,295 | 10,862 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 10 | 2,024 | 1,935 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 11 | 3,726 | 3,783 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 12 | 9,134 | 8,994 |
| | | 112,067 | 115,770 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 4 | 38,499 | 42,533 |
| **Iomlán** | 13 | **150,566** | **158,303** |
| **Easnamh ar ghníomhaíochtaí roimh amúchadh ar Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímheas ar Shócmhainní Dochta** | | **223** | **3,621** |
| Barrachas/(Easnamh) ar Sheirbhísí Coimhdeacha | 14 | **39** | **(153)** |
| Dímheas ar Shócmhainní Dochta | 15 | **(10,802)** | **(10,743)** |
| Gluaiseacht Cúlchiste Ginearálta | 16 | **10,763** | **10,896** |
| **BARRACHAS GLAN don bhliain** | 24 | **223** | **3,621** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán

An Stiúrthóir Airgeadais

## RÁITEAS GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁN DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR

| | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| BARRACHAS don bhliain | 223 | 3,621 |
| **Iomlán gnóthachain agus caillteanais aitheanta a bhaineann leis an mbliain** | **223** | **3,621** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán

An Stiúrthóir Airgeadais

**CLÁR COMHARDAITHE** **AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| | NÓTAÍ | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE** | 17 | 358,826 | 356,899 |
| **INFHEISTÍOCHTAÍ** | 18 | 6,260 | 6,274 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Iarmhéideanna Bainc agus Airgead Tirim | | 75,142 | 60,989 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 19 | 8,844 | 15,350 |
| | | 83,986 | 76,339 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe agus Caiteachas Fábhraithe | 21 | (86,844) | (83,680) |
| **GLANDHLITEANAIS REATHA** | | (2,858) | (7,341) |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | |
| Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin | 27 | (11,841) | (13,197) |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | **350,387** | **342,635** |
| **ARNA IONADÚ AG:** | | **€'000** | **€'000** |
| Cúlchiste Ginearálta | 22 | 327,740 | 320,330 |
| Cúlchistí Srianta | 23 | 24,464 | 24,345 |
| Cúlchiste ioncaim | 24 | (1,817) | (2,040) |
| | | **350,387** | **342,635** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán

An Stiúrthóir Airgeadais

**RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID** — **BLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| | NÓTAÍ | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA** | **25** | 6,542 | 14,335 |
| **AISCHUR Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS** | | | |
| (Glan) Ús Faighte | | 2,167 | 1,669 |
| **CAITEACHAS CAIPITIL** | | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Dochta Inláimhsithe a fháil | | (12,807) | (29,090) |
| Fáltais ó Dhíolachán Sócmhainní Dochta Inláimhsithe | | - | 0 |
| **(EIS-SREABHADH) AIRGID ROIMH AIRGEADÚ** | | (4,098) | (13,086) |
| **AIRGEADÚ** | | | |
| Deontais Chaipitil HEA | | 5,123 | 7,490 |
| Neamhfháltais Caipitil HEA | | 13,128 | 11,477 |
| **INSREABHADH AIRGID Ó AIRGEADÚ** | | 18,251 | 18,967 |
| **GLAN-INSREABHADH/(EIS-SREABHADH) AIRGID TAR ÉIS AIRGEADÚ** | | 14,153 | 5,881 |
| **MÉADÚ/(LAGHDÚ) IN AIRGEAD TIRIM AGUS CÓIBHÉISEACHA** | **28** | 14,153 | 5,881 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 35.

Uachtarán — An Stiúrthóir Airgeadais

## NÓTA 1

## DEONTAIS STÁIT

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Deontas Atarlaithe | 28,458 | 38,916 |
| Deontas Pinsin | 9,134 | 8,947 |
| Sprioc-Mhaoiniú do Thionscnaimh Speisialta | 305 | 720 |
| Mion-oibreacha | 68 | 75 |
| **Iomlán** | **37,965** | **48,658** |

## NÓTA 2

## TÁILLÍ MAC LÉINN

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Mac Léinn | 64,695 | 62,681 |
| Ioncam ó Tháillí Ilghnéitheach | 996 | 1,011 |
| **Iomlán** | **65,691** | **63,692** |

## Nóta 3

## IONCAM EILE

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Ús Infhaighte (Glan) | 2,236 | 1,716 |
| Poist Maoinithe | 0 | 0 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe Ranníoca | 1,776 | 1,613 |
| Táillí Neamh AE | 4,621 | 3,712 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **8,634** | **7,041** |

## NÓTA 4

## CLÁIR THAIGHDE AR CHONRADH AGUS TOGRAÍ EILE FÉINCHISTITHE

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Chonradh | 22,348 | 25,472 |
| Tograí Eile Féinchistithe | 16,151 | 17,061 |
| **Iomlán** | **38,499** | **42,533** |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGID -/ar lean**

| **NÓTA 5** | **Costais Pá** | **Neamhphá** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **COLÁISTÍ AGUS RANNA** | | | | |
| Acadúil | 43,534 | - | 43,534 | 43,031 |
| Teicniúil | 2,961 | - | 2,961 | 3,435 |
| Tacaíocht Riaracháin | 6,884 | - | 6,884 | 5,949 |
| Amhábhair agus Speansais | - | 9,360 | 9,360 | 13,209 |
| Ilghnéitheach | - | 150 | 150 | 62 |
| **Iomlán** | **53,379** | **9,510** | **62,889** | **65,686** |

| **NÓTA 6** | **Costais Pá** | **Neamhphá** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS EILE** | | | | |
| Leabharlann | 2,065 | 2,080 | 4,145 | 4,358 |
| Teicneolaíocht an Eolais | 2,211 | 1,016 | 3,227 | 3,602 |
| Oideachas Comhoibritheach agus an Rannán Gairme | 1,029 | 1,001 | 2,030 | 2,204 |
| **Iomlán** | **5,305** | **4,097** | **9,402** | **10,164** |

| **NÓTA 7** | **Costais Pá** | **Neamhphá** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **ÁITREABH** | | | | |
| Cothú Áitribh | 1,744 | 4,398 | 6,142 | 5,829 |
| Seirbhísí Ginearálta | 109 | 3,654 | 3,763 | 4,161 |
| Mion-Oibreacha | - | 98 | 98 | 286 |
| Árachas | - | 365 | 365 | 437 |
| Costais Fhuinnimh | - | 2,129 | 2,129 | 2,042 |
| **Iomlán** | **1,853** | **10,644** | **12,497** | **12,755** |

| **NÓTA 8** | **Costais Pá** | **Neamhphá** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **MÉID LEITHROINNTE DO CHRÍOCHA CAIPITIL** | | | | |
| Tionscadail Chaipitil | - | 1,100 | 1,100 | 1,410 |
| Trealamh | - | - | - | 181 |
| **Iomlán** | **-** | **1,100** | **1,100** | **1,591** |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS-/ ar lean**

| NÓTA 9 | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **LÁR RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ** | | | | |
| Foireann | 6,263 | - | 6,263 | 6,523 |
| Seirbhísí agus Amhábhair | - | 4,537 | 4,537 | 3,953 |
| Muirir Ghairmiúla | - | 68 | 68 | 30 |
| Ilghnéitheach | 0 | 427 | 427 | 356 |
| **Iomlán** | **6,263** | **5,032** | **11,295** | **10,862** |

| NÓTA 10 | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **CAITEACHAS GINEARÁLTA OIDEACHAIS** | | | | |
| Speansais Scrúdaithe | 246 | 235 | 481 | 483 |
| Scoláireachtaí/ Deontais/Tarscaoileadh | - | 867 | 867 | 736 |
| Costais Ilghnéitheacha | 220 | 456 | 676 | 716 |
| **Iomlán** | **466** | **1,558** | **2,024** | **1,935** |

| NÓTA 11 | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **SEIRBHÍSÍ MAC LÉINN** | | | | |
| Deontais Chaipitlíochta agus Eile | - | 1,028 | 1,028 | 1,014 |
| Spóirt agus Áinéas | 488 | 144 | 632 | 587 |
| Sláinte agus Comhairleoireacht | 744 | 51 | 795 | 791 |
| Seirbhísí Pearsanra Mac Léinn | 980 | 291 | 1,271 | 1,391 |
| **Iomlán** | **2,212** | **1,514** | **3,726** | **3,783** |

| NÓTA 12 | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH** | | | | |
| Pinsin | 9,134 | - | 9,134 | 8,994 |
| **Iomlán** | **9,134** | **-** | **9,134** | **8,994** |

| NÓTA 13 | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **COMHDHÉANAMH AN CHAITEACHAIS IOMLÁN** | | | | |
| Seirbhísí Acadúla agus Gaolmhara | 78,612 | 33,455 | 112,067 | 115,769 |
| Taighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 18,659 | 19,840 | 38,499 | 42,534 |
| **Caiteachas Iomlán** | **97,271** | **53,295** | **150,566** | **158,303** |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS-/ar lean**

| **NÓTA 14** <br> **SEIRBHÍSÍ COIMHDEACHA** | **Ioncam** <br> **€'000** | **Caiteachas** <br> **€'000** | **2011 Barrachas / (Easnamh)** <br> **€'000** | **2010 Barrachas / (Easnamh)** <br> **€'000** |
|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí Athghrafacha | 237 | (256) | (19) | (160) |
| An tIonad Náisiúnta Oiliúna agus Traenála | 1,519 | (1,422) | 97 | 24 |
| Ionad Gníomhaíochta Killaloe | 368 | (407) | (39) | (17) |
| **Gluaiseacht ar Sheirbhísí Coimhdeacha** | **2,124** | **(2,085)** | **39** | **(153)** |

**NÓTA 15**

| **DÍMHEAS AR SHÓCMHAINNÍ DOCHTA** | **2011** <br> **€'000** | **2010** <br> **€'000** |
|---|---|---|
| Talamh agus Foirgnimh | 7,773 | 7,553 |
| Trealamh | 3,029 | 3,190 |
| Sócmhainní ar Léas | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **10,802** | **10,743** |

**NÓTA 16**

| **GLUAISEACHT CÚLCHISTÍ GINEARÁLTA** | **2011** <br> **€'000** | **2010** <br> **€'000** |
|---|---|---|
| Amúchadh ag teacht le Dímheas | 10,802 | 10,743 |
| (Barrachas)/Easnamh Seirbhísí Coimhdeacha chuig an gCuntas Cúlchiste Ginearálta | (39) | 153 |
| **Iomlán** | **10,763** | **10,896** |

## NÓTA 17

| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | Talamh & Foirgnimh €'000 | Trealamh €'000 | Sócmhainní ar léas €'000 | 2011 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2010** | | | | |
| Luacháil | 190,308 | - | - | 190,308 |
| Costas | 213,621 | 42,891 | 751 | 257,263 |
| | **403,929** | **42,891** | **751** | **447,571** |
| **Breiseanna:** | | | | |
| Breiseanna | 11,044 | 1,763 | - | 12,807 |
| Diúscairtí | - | (2,193) | (86) | (2,279) |
| | 11,044 | (430) | (86) | 10,528 |
| **Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2011** | | | | |
| Luacháil | 190,308 | - | - | 190,308 |
| Costas | 224,665 | 42,461 | 665 | 267,791 |
| **Iomlán** | **414,973** | **42,461** | **665** | **458,099** |
| **Dímheas** | | | | |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2010** | (63,631) | (26,290) | (751) | (90,672) |
| Diúscairtí | - | 2,115 | 86 | 2,201 |
| Dímheas don bhliain | (7,773) | (3,029) | - | (10,802) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2011** | **(71,404)** | **(27,204)** | **(665)** | **(99,273)** |
| **Glan Luach Leabhair 2010** | **340,298** | **16,601** | **-** | **356,899** |
| **Glan Luach Leabhair 2011** | **343,569** | **15,257** | **-** | **358,826** |

**NÓTA 18**

| | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| **INFHEISTÍOCHTAÍ** | | |
| Infheistíochtaí | 6,260 | 6,274 |
| **Iomlán** | **6,260** | **6,274** |

Go príomhúil, áirítear ar na méideanna seo cistí a chuirtear i dtaisce ar bhonn méantéarmach/fadtéarmach i ndáil le tionscadail chaipitil sainiúla. Luaitear na méideanna seo ag costas.

**NÓTA 19**

| | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| **FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Cláir Thaighde ar Chonradh & Tograí Eile Féinchistithe | (551) | (552) |
| Iarmhéideanna Féichiúnaithe | 1,989 | 3,369 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí eile | 7,406 | 12,533 |
| **Iomlán** | **8,844** | **15,350** |

**NÓTA 20**

| | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| **IONCAM CAIPITIL AGUS CAITEACHAS CHAIPITIL** | | |
| **IONCAM** | | |
| Deontas ó HEA | 5,123 | 7,490 |
| Deontais ó Dheontóirí Príobháideacha | 870 | 5,069 |
| Ioncam Caipitil - Foinsí Eile | 11,158 | 4,817 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Reatha | 1,100 | 1,591 |
| **Iomlán** | **18,251** | **18,967** |
| **CAITEACHAS** | | |
| Talamh/Foirgnimh | 11,044 | 25,173 |
| Trealamh | 1,763 | 3,917 |
| **Iomlán** | **12,807** | **29,090** |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | 5,444 | (10,123) |
| **Easnamh ag tús na bliana** | (36,750) | (26,627) |
| **Easnamh ag deiridh na bliana** | **(31,306)** | **(36,750)** |

## NÓTA 21

## CREIDIÚNAITHE AGUS CAITEACHAS FABHRAITHE

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Tograí Eile Féinchistithe | 35,491 | 33,765 |
| Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe a fuarthas roimh ré. | 5,841 | 2,880 |
| Táillí Acadúla a fuarthas roimh ré | 19,397 | 16,376 |
| Iasachtaí Bainc (Nóta 27) | 1,853 | 1,677 |
| Creidiúnaithe agus Fabhraithe eile | 24,262 | 28,982 |
| **Iomlán** | **86,844** | **83,680** |

Tá €10.186m (2010: €9.452m) san áireamh i gCreidiúnaithe amhail an 30 Meán Fómhair 2011 i ndáil le tiomantais fhabhraithe do chaiteachas neamhphá i Ranna Acadúla agus i Seirbhísí Leabharlann.

## NÓTA 22

| **Cúlchiste Ginearálta** | 2010 Iarmhéid Tosaigh €'000 | Gluaiseacht Bliain Reatha €'000 | 2011 Iarmhéid Deiridh €'000 |
|---|---|---|---|
| Luacháil - Sócmhainní Dochta | 157,328 | - | 157,328 |
| Trealamh Taighde | 17,565 | 118 | 17,683 |
| Deontais Chaipitil Stáit | 121,773 | 5,123 | 126,896 |
| Aistriú Maoiniú Atarlaithe | 38,061 | 1,100 | 39,161 |
| Deonacháin Chaipitil | 75,567 | 1,254 | 76,821 |
| Eile | 708 | 8,416 | 9,124 |
| | **411,002** | **16,011** | **427,013** |
| Amúchadh | | | |
| Luacháil - Sócmhainní Dochta | 5,221 | - | 5,221 |
| Trealamh Taighde | (2,881) | - | (2,881) |
| Amúchadh ag teacht le Dímheas Sócmhainní | (126,492) | (10,802) | (137,294) |
| Lúide Amúchadh Carntha ar Dhiúscairtí | 33,480 | 2,201 | 35,681 |
| **Iomlán** | **320,330** | **7,410** | **327,740** |

## NÓTA 23

## CÚLCHISTÍ SRIANTA

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 24,345 | 24,113 |
| Ús ó Tobhaigh Mac Léinn agus Ioncam Eile (Glan) | 119 | 232 |
| **Iarmhéid amhail deiridh na bliana** | **24,464** | **24,345** |

Áirítear leis na cistí sin airgead a leithroinn an Ollscoil chun raon forbairtí caipitil a mhaoiniú lena n-áirítear Foirgneamh Il-chríocha Spóirt agus Ionad Mac Léinn

**NÓTA 24**

**CÚLCHISTE IONCAIM**

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | (2,040) | (5,661) |
| Easnamh don bhliain | 223 | 3,621 |
| **Iarmhéid amhail dheiridh na bliana** | **(1,817)** | **(2,040)** |

**NÓTA 25**

**GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA**

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Easnamh don bhliain | 223 | 3,621 |
| Lúide Ús Infhaighte (Glan) | (2,167) | (1,669) |
| Dímheas ar Shócmhainní Dochta | 10,802 | 10,743 |
| Amúchadh Cúlchistí Ginearálta | (10,802) | (10,743) |
| Barrachas/(Easnamh) i Seirbhísí Coimhdeacha | 39 | (153) |
| Laghdú ar Infheistíochtaí | 14 | 12,526 |
| Laghdú/(Méadú) i bhFéichiúnaithe agus i Réamhíocaíochtaí | 6,506 | (1,253) |
| Méadú ar Chreidiúnaithe agus ar Fhabhruithe | 3,164 | 2,259 |
| (Laghdú) ar Dhliteanais Fad-Téarmacha | (1,356) | (1,228) |
| Méadú ar Chúlchistí Srianta | 119 | 232 |
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA** | **6,542** | **14,335** |

**NÓTA 26**

**ANAILÍS AR ATHRUITHE I NGLAN-CHISTÍ**

| | Amhail an 30 Meán Fómhair 2010 €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | Amhail an 30 Meán Fómhai 2011 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead Tirim | 60,989 | 14,153 | 75,142 |
| Iasachtaí Bainc | (14,874) | 1,180 | (13,694) |
| **Iomlán** | **46,115** | **15,333** | **61,448** |

**NÓTA 27**

**IASACHTAÍ BAINC**

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Dlite laistigh de bhliain amháin (Nóta 21) | 1,853 | 1,677 |
| Dlite i níos mó ná bliain amháin, ach nach mó ná dhá bhliain | 1,356 | 1,356 |
| Dlite i níos mó ná dhá bhliain, ach nach mó ná cúig bliana | 2,980 | 3,350 |
| Dlite i níos mó ná cúig bliana | 7,505 | 8,491 |
| Iomlán dlite i níos mó ná bliain amháin | 11,841 | 13,197 |
| **Iomlán** | **13,694** | **14,874** |

Tá na hiasachtaí thuas faoi ualach úis ach níl aon urrús ceangailte leis na hiasachtaí sin.

**NÓTA 28**

**ANAILÍS AR NA HATHRUITHE IN AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHÓIBHÉISEACHA AIRGID TIRIM**

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 60,989 | 55,108 |
| Glan-Insreabhadh Airgid | 14,153 | 5,881 |
| **Iarmhéid ag deiridh na bliana** | **75,142** | **60,989** |

**NÓTA 29**

**PINSEAN**

Muirearítear pá agus tuarastail glan ó ranníoca pinsin fostaithe (ba iad na ranníoca iomlán mar sin sa tréimhse ná €4.338m (2010: €4.542m) agus íoctar sochair ó ioncam reatha de réir mar a thagann siad aníos. Bhí luach €9.134m (2010: €8.947m) i bpinsin a íocadh sa bhliain a áireamh i gcaiteachas ilghnéitheach.

| **Cuntas Rialaithe Pinsean** | **2011 €'000** | **2010 €'000** |
|---|---|---|
| **Iarmhéid Tosaigh** | 0 | (3,938) |
| **Ioncam** | | |
| Ranníocaíochtaí an Fhostóra | 854 | 2,516 * |
| Ranníocaíochtaí ó Fhostaithe | 668 | 1,469 * |
| Aistrithe Pinsean isteach | - | - |
| Forlíonadh Ioncaim | - | - |
| Eile | 7,612 | 8,947 |
| **Ioncam iomlán** | 9,134 | 12,932 |
| **Caiteachas** | | |
| Pinsean á íoc (forlíonadh san áireamh) | 7,192 | 6,884 |
| Íocaíochtaí cnapshuime ar scor | 1,871 | 2,414 |
| Íocaíochtaí 'bás le linn seirbhíse' | 90 | - |
| Aistrithe pinsean amach (íocaíochtaí airgid thirim) | - | - |
| Aisíoc ranníocaíochtaí | 225 | 158 |
| Riarachán & Costais Eile | - | 47 |
| Ioncam i ndáil le blianta breise a cheannach | (244) | (509) |
| **Caiteachas Iomlán** | 9,134 | 8,994 |
| **(Easnamh)/Farasbarr don bhliain** | 0 | 3,938 |
| **Iarmhéid Deiridh - Deontas infhaighte ó/(iníoctha leis) an HEA** | **0** | **0** |

* san áireamh in ioncam ó Dheontas Athfhillteach

**NÓTA 30**

**TIOMANTAIS CHAIPITIL**

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Ar Chonradh amhail an 30 Meán Fómhair | 14,634 | 18,522 |
| Údaraithe ach gan conradh amhail an 30 Meán Fómhair | 4,500 | 0 |

Tá tiomantais ag an Ollscoil ag teacht as foirgnimh áirithe atá maoinithe ag airgeadú cáin-bhunaithe le luach €818k laistigh den tréimhse 1 blian.

## NÓTA 31

## DLITEANAS TEAGMHASACH

Ní raibh aon dhliteanais theagmhasacha ann amhail an dáta ar an gclár comhardaithe.

## NÓTA 32

## PÁIRTITHE GAOLMHARA

Oibríonn Plassey Campus Centre Ltd., cuideachta gaolmhar teoranta le ráthaíocht, mar chuideachta shealbhaíochta agus riartar raon saoráidí ar campus.

Is fochuideachta ar lán-úinéireacht í Plassey Campus Developments Ltd., de Plassey Campus Centre Ltd. Is í an phríomhghníomhaíocht a bhíonn aige ná ag fáil conarthaí agus ag forbairt maoine ag an bPáirc Náisiúnta Teicneolaíochta.

Is fochuideachtaí lán-úinéireachta iad Plassey Trust Company Ltd., agus Kilmurray Village Ltd., de Plassey Campus Centre Ltd., agus is cuideachtaí iad atá teoranta ag ráthaíocht agus atá freagrach as riaradh a dhéanamh ar chóiríocht I sráidbhaile na mac léinn.

Is cuideachta gaolmhar é Foundation Ollscoil Luimnigh atá teroanta ag ráthaíocht. Is iad na cuspóirí atá ag an Foundation ná, taighde agus oideachas a chur ar aghaidh go ginearálta, go háirithe taighde agus oideachas a dhéanann Ollscoil Luimnigh agus comhlachtaí oideachais, taighde agus forbartha eile, a bhfuil baint acu le hOllscoil Luimnigh agus iad sa tóir ar oideachas, teagasc agus taighde.

Is fochuideachta lán-úinéireachta í Plassey Campus Arena Ltd. de chuid Plassey Campus Centre Ltd., atá teoranta ag ráthaíocht agus atá freagrach as oibríocht agus bainistiú Airéine na hOllscoile.

## NÓTA 33

## IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ba é Plassey Campus Developments Ltd. an príomhchonraitheoir a raibh baint acu le conarthaí forbartha maoine leanúnacha le €8,783,766 in iomlán sa bhliain (2010: €9,760,710) thar ceann Ollscoil Luimnigh. Tá ionadaithe ón Ollscoil mar chomhaltaí de Plassey Campus Centre Ltd.
Amhail an dáta ar an gclár comhardaithe bhí €285,919 (2010: €404,518) gan íoc i ndáil le hobair chonartha mar sin.

Le háisiú a dhéanamh ar fheidhmiúchán agus bhainistíocht Airéana na hOllscoile ag Plassey Campus Arena Ltd., aistríodh sciar de shócmhainn na linne 50m go dtí Plassey Campus Arena Ltd. i 2005.
Ar dháta an chláir chomhordaithe bhí €2,031,423 (2010: €2,031,423) dlite maidir leis an aistriú seo.

## NÓTA 34

## ÚSÁID FUINNIMH

Tá Ollscoil Luimnigh suite ar shuíomh 134 heicteár, a chuimsíonn spás teagaisc agus staidéir, spás oifige, saoráidí taighde, cóiríocht do mhic léinn agus saoráidí spóirt, lena n-áirítear linn snámha 50 m agus os cionn 38,000 $m^2$ de pháirceanna Astroturf faoi thuilsoilse. Úsáidtear an fuinneamh ar fad a ídítear ar an gcampas chun cumhacht agus teas a chur ar fáil do na foirgnimh/saoráidí sin.

**NÓTA 34**

**ÚSÁID FUINNIMH – ar lean**

In 2010/2011, d'ídigh Ollscoil Luimnigh 43.1 GWh fuinnimh, a chuimsigh:

- 20.6 GWh leictreachais.
- 22.5 GWh de bhreosla iontaise i bhfoirm gás nádúrtha (22.4 GWh) agus bulcphrópáin (0.1 GWh).

Tháinig méadú 2.1% ar Laethanta Céime (i.e. tomhas a chainníochtaíonn an tionchar laethúil a bhíonn ag teocht lasmuigh ar riachtanais téimh) in 2010/2011 le hais 2009/2010. Chuir sé seo agus na foirgnimh nua a críochnaíodh in 2010/2011, nó a raibh a gcéad bhliain iomlán oibríochta acu, go suntasach leis an méadú ar ídiú breoslaí iontaise, arbh ionann é agus 0.9 GWh. D'ainneoin seo laghdaíodh ídiú leictreachais 1.4% in 2010/2011 i gcomparáid le 2009/2010 de bharr bearta coigilte fuinnimh a tugadh isteach sna blianta roimhe seo/go luath sa bhliain airgeadais 2010/2011.

**Gníomhaíochtaí ar Tugadh Fúthu in 2010/2011**

In 2010/2011 chuir Ollscoil Luimnigh tionscnaimh choigilte fuinnimh arbh fhiú €700,000 iad i gcrích, le cúnamh €350,000 i maoiniú ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Cuireadh na tionscnaimh, a tosaíodh i dtreo dheireadh na bliana airgeadais 2009/2010, i gcrích le linn na bliana airgeadais 2010/2011. Bhí siad seo a leanas i measc na dtionscnamh a ndearnadh tuairisc orthu i dtuarascáil na bliana seo caite:

- Uasghrádú ar an aeráil mheicniúil atá lonnaithe i gCéim 1A den Phríomháras a mheastar go mbeidh coigilteas 295,000 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.
- Suiteáil coire díláraithe i dTeach Plassey a chúiteoidh úsáid bhliantúil fuinnimh 97,500 kWh.
- Iarfheistiú rogha shrianta soilsithe inmheánaigh sa Phríomháras, san Fhoirgneamh Corpoideachais agus Eolaíochta Spóirt (PESS) agus in Áras Schrodinger agus tuilsoilsithe ar fud an champais. Meastar go mbeidh coigilteas 140,500 kWh i gceist leis seo gach bliain.
- Meastar go laghdófar ídiú leictreachais 70,000 kWh in aghaidh na bliana mar gheall ar shuiteáil brathadóirí áitithe san Fhoirgneamh PESS agus in Áras Schrodinger.
- Beidh laghdú 13,000 kWh ar ídiú bliantúil fuinnimh de bharr feabhsúcháin ghloinithe agus uasghráduithe inslithe.
- Cuirfidh athsholáthar calraitheoirí as dáta (téitheoirí uisce the tí) i gCoimpléasc Aontas na Mac Léinn/na Stáblaí le laghdú 28,500 kWh ar an ídiú bliantúil.
- Meastar go laghdóidh comhdhlúthú agus uasghrádú comhbhrúiteoirí sa Phríomháras ídiú bliantúil athfhillteach 8,500 kWh in aghaidh na bliana.
- Meastar go gcruthóidh feabhsúcháin ar an gCóras Bainistithe Foirgnimh (BMS) reatha (sa Phríomháras, in Áras na Fondúireachta, in Áras Schuman agus i gCoimpléasc na Stáblaí) agus ar an gCóras Monatóireachta agus Spriocdhírithe Fuinnimh (EM&T) coigilteas bliantúil fuinnimh 20,000 kWh.

Tá siad seo, agus na bearta coigilte fuinnimh eile, ag coigilt 673,000 kWh d'Ollscoil Luimnigh gach bliain.

**Bearta eile ar Tugadh Fúthu in 2010/2011**

- Uasghrádú ar Choire na Naíolainne, a mheastar a mbeidh coigilteas 17,500 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.
- Uasghrádú Léachtlann John Holland, ag laghdú ídiú bliantúil athfhillteach fuinnimh 5,700 kWh.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar sheachadadh córas EM&T ar fud na hOllscoile. Nuair atá sé i mbun oibríochta, déanfar eolas a thomhas, a thaifead agus a chur i gcartlann ar c. 130 de na méadair leictreachais, gháis agus uisce is tábhachtaí san Ollscoil.
- Tá níos mó úsáide á baint as BMS anois i ndiaidh cúrsa oiliúna ar ar fhreastail an Bainisteoir Fuinnimh agus príomhchomhaltaí foirne eile i Roinn na bhFoirgneamh agus na nEastát.

**Gníomhartha Beartaithe do 2011/2012**

Críochnaíodh obair chun inmharthanacht a mheas agus chun pleananna tionscadail/cáipéisí tairisceana a chur i dtoll a chéile in 2010/2011 do na tionscadail seo a leanas:

**NÓTA 34**

**ÚSÁID FUINNIMH – ar lean**

- Uasghrádú ar aeráil mheicniúil, ar shoilsiú agus ar bhrathadóireacht áitithe in Áras Schrodinger, a mheastar a mbeidh coigilteas 540,000 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.
- Uasghráduithe Coire in Áras na Fondúireachta agus i gCoimpléasc Aontas na Mac Léinn chun coigilteas bliantúil fuinnimh 93,500 kWh a chruthú.
- Uasghrádú ar shoilsiú san Airéine, a mheastar a mbeidh coigilteas 65,800 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.
- Uasghrádú ar shoilsiú agus ar aerchóiriú sa GLISB, a mheastar a mbeidh laghdú 52,000 kWh ar ídiú bliantúil athfhillteach leictreachais mar thoradh air.
- Uasghrádú ar shoilsiú sa Phríomháras, a mheastar a mbeidh coigilteas 36,700 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.
- Uasghráduithe ar insliú agus ar bhrathadóireacht áitithe san fhoirgneamh PESS, a mheastar a mbeidh coigilteas 34,500 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.

Toisc go bhfuil athrú suntasach tagtha ar na dálaí deontais, déanfaidh Ollscoil Luimnigh imscrúdú ar fhéidearthacht agus ar inmharthanacht iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoi scéim Better Energy Workplaces 2012 SEAI chun na tionscadail seo a chur i gcrích.

- Uasghrádú ar chaidéil scairdeáin Chlós Plassey agus Schuman a mheastar a mbeidh coigilteas 207,000 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.
- Tá uasghráduithe beartaithe d'Áras Schrodinger (atá ar cheann de na foirgnimh is sine ar an gcampas). Roghnófar na bearta sonracha atá le déanamh, ar dócha go mbeidh uasghráduithe ar aeráil mheicniúil agus ar imchlúdach foirgnimh san áireamh leo, bunaithe ar líon cúinsí, lena n-áirítear cumas coigiltis fuinnimh.
- Cuirfear aistriú foirmiúil Chóras Monatóireachta agus Spriocdhírithe Fuinnimh na hOllscoile (EM&T), i.e. uirlis ghréasánbhunaithe a dhéanann eolas a thomhas, a thaifead agus a chur i gcartlann ar c. 130 de na méadair leictreachais, gháis agus uisce is tábhachtaí san Ollscoil, ar atráth go dtí 2011/2012 chun cáilíocht agus bailíocht na sonraí a chinntiú.
- Áireofar le tionscnaimh amach anseo pleanáil agus seachadadh spreagadh coigiltis fuinnimh ar fud an champais agus ár gcóras Monatóireachta agus Spriocdhírithe Fuinnimh in úsáid mar phríomhuirlis chumarsáide. Is dócha go mbeidh an coigilteas i gcomhréir le rannpháirtíocht phobal an champais.
- Cuirfear príomhchomhaltaí foirne Roinn na bhFoirgneamh agus na nEastát faoi oiliúint chun an córas EM&T a cheistiú, a éascóidh úsáid níos forleithne ar dheiseanna coigiltis fuinnimh agus na deiseanna sin a thabhairt faoi deara níos túisce.
- Leathnófar prionsabail Chóras Bainistithe Cáilíochta reatha Roinn na bhFoirgneamh agus na nEastát chuig an mBainistiú Fuinnimh de réir Cláir Ghníomhaíochta do Bhainistiú Fuinnimh SEAI. Beidh an córas EM&T lárnach don Roinn mar uirlis chun cinntí feasacha a dhéanamh maidir leis na tionscnaimh ar cheart tabhairt fúthu.
- Cur i bhfeidhm an chórais Mhonatóireachta agus Spriocdhírithe Fuinnimh d'aonaid agus do ghnólachtaí tráchtála ar an gcampas a chríochnú, a mheastar a mbeidh coigilteas 30,000 kWh in aghaidh na bliana mar thoradh air.

Cé nach ndearnadh iarratas sonrach air sa tuarascáil seo, tá Ollscoil Luimnigh tar éis a bheith an-ghníomhach i mbainistiú agus i laghdú ídithe uisce ar an gcampas le blianta beaga anuas. Ó tugadh isteach córas méadraithe agus logála sonraí chun tomhas, taifead, monatóireacht agus spriocdhíriú a dhéanamh ar fheabhsúcháin bhonneagair ar ár ngréasán uisce atá 13km ar fad, laghdaigh ídiú bliantúil uisce 35% ón mbuaicphointe (in 2007). In 2011, bhí an t-ídiú bliantúil uisce (arbh ionann é agus 170,478 m3) níos ísle ná mar a bhí aon bhliain eile le deich mbliana anuas d'ainneoin gur mhéadaigh spás tógtha ar an gcampas 47% sa tréimhse chéanna.

**NÓTA 35**

**CEADÚ RÁITIS AIRGEADAIS**

Is ar an Údarás Rialaithe atá an fhreagracht chun ráitis airgeadais na hOllscoile a fhaomhadh.

Do Bhaill Choiste Feidhmiúcháin Ollscoil Luimnigh.

Tá iniúchadh déanta againn ar na Ráitis Airgeadais ar leathanaigh 4 go dtí 22.

**Freagrachtaí na hOllscoile agus na nIniúchóirí faoi seach**

Tá an Ollscoil, mar atá rianaithe ar leathanach 3, freagrach as ullmhú na Ráiteas Airgeadais a ullmhaíodh ag teacht le Comhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais na nOllscoileanna. Is é is freagracht dúinn ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sin ag teacht leis na caighdeáin iniúchóireachta atá eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta le feidhmiú in Éirinn.

D'ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, do bhaill an Choiste Feidhmiúcháin agus dóibh sin amháin mar chomhlacht ag teacht lenár gceapachán . Agus an tuairim seo á tabhairt againn, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid orainn aon fhreagracht chun críche ar bith eile ná do dhuine ar bith eile dá dtaispeáintear an tuarascáil seo dó nó dá dtiocfadh sí ar lámh dó, ach má aontaímid leis sin d'aon ghnó trí réamhchead a thabhairt i scríbhinn.

Tuairiscímid duit ár dtuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais a bheith ullmhaithe go cuí ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais na nOllscoileanna mar a ghlac na hOllscoileanna Éireannacha ar fad leis. Cuirimid in iúl cibé acu a fuaireamar nó nach bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a mheasamar gá a bheith leo chun críche an iniúchta agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil na Ráitis Airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais. Tuairiscímid duit chomh maith ár dtuairim maidir leis na leabhair cuntais chearta a bheith coimeádta ag an Ollscoil.

**Bonn na Tuairime**

Dheineamar ár n-iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2011 ag teacht leis na Caighdeáin Iniúchta atá eisithe ag an mBord um Cheachtais Iniúchóireachta. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na nochtuithe sna Ráitis Airgeadais. Cuimsíonn sé chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúntais suntasacha a dhein an Ollscoil agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, agus ar an raibh na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do dhálaí na hOllscoile, ar cuireadh i bhfeidhm go rianúil iad agus an ndearnadh leornochtadh orthu.

Dheineamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú d'fhonn an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a mheasamar gá a bheith leo a fháil d'fhonn soláthar a dhéanamh dúinn ar fhianaise le cinnteacht réasúnta go bhfuil na Ráitis Airgeadais saor ó ráiteas neamhchruinn, cibé acu le calaois, nó ainrialtacht eile nó dearmad é. Ag teacht ar ár dtuairim dúinn, dheineamar measúnú chomh maith ar leorfhiúntas an léiriúcháin ar eolas sna Ráitis Airgeadais.

**Tuairim**

In ár dtuairimne d'ullmhaíodh Ráitis Airgeadais na hOllscoile don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2011 ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais.

Fuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. In ár dtuairimne choimeád an Ollscoil leabhair oiriúnacha cuntais. Tá na Ráitis Airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais.

**PricewaterhouseCoopers**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Luimnigh**

**23 Márta 2012**

## ACHOIMRE CÚIG BLIANA - CAITEACHAS

| | 2006/07 €'000 | % | 2007/08 €'000 | % | 2008/09 €'000 | % | 2009/10 €'000 | % | 2010/11 €'000 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Coláistí agus Ranna | 56,938 | 41 | 60,630 | 39 | 67,741 | 40 | 65,686 | 42 | 62,889 | 42 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh | 24,340 | 18 | 30,725 | 20 | 31,017 | 18 | 25,472 | 16 | 22,348 | 15 |
| Cláir Féin-Mhaoinithe Eile | 12,013 | 9 | 16,553 | 10 | 17,693 | 11 | 17,061 | 11 | 16,151 | 11 |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 10,238 | 7 | 10,780 | 7 | 11,144 | 7 | 10,164 | 6 | 9,402 | 6 |
| Áitreabh | 12,065 | 9 | 12,972 | 8 | 12,684 | 8 | 12,755 | 8 | 12,497 | 8 |
| Lár-Riarachán agus Seirbhísí | 11,273 | 8 | 12,207 | 8 | 10,449 | 6 | 10,862 | 7 | 11,295 | 8 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 1,892 | 1 | 1,784 | 1 | 1,946 | 1 | 1,935 | 1 | 2,024 | 1 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 2,844 | 2 | 3,886 | 2 | 3,955 | 2 | 3,783 | 2 | 3,726 | 2 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 5,685 | 4 | 5,876 | 4 | 9,293 | 6 | 8,994 | 6 | 9,134 | 6 |
| An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil | 1,881 | 1 | 1,634 | 1 | 1,487 | 1 | 1,591 | 1 | 1,100 | 1 |
| Iomlán | 139,169 | 100 | 157,047 | 100 | 167,409 | 100 | 158,303 | 100 | 150,566 | 100 |

Ní chuimsíonn an achoimre 5 bliana caiteachas a dhein Coláiste Oideachais Mhuire gan Smál ná cuid na hOllscoile do dhíluacháil bhliantúil.